1. Maidin amáin i lár an gheimhridh, bhí seanfhear ina luí sa teach s'aige. Bhí an aimsir go dona lasmuigh. Bhí sé ag stealladh báistí le seachtaine. Ní raibh an aimsir **le feabhsú go ceann tamaill.**



2. D'éirigh an seanfhear as a leaba agus chuaigh sé síos an staighre. Bhí uafás an domhain air nuair a chonaic sé go raibh **tuile tríd an teach**. Bhí sé trína chéile mar thuig sé go raibh sé **i bponc ceart.**

3.**Ar ábharaí an tsaoil**, bhí mé féin agus mo dhaidí inár suí ar bhalla taobh amuigh den teach ag fanacht ar bhus. **Chroith** an seanfhear a dhá lámh san aer. Ba léir go raibh eagla agus imní air, agus bhí trua agam dó.

4. Chuir mé fios ar na **seirbhísí éigeandála**. D'iarr mé orthu bheith **gasta**. Thug mé uimhir na sráide dóibh. Labhair mo dhaidí leis an seanfhear chun é a chur ar a chompord.

5. **Níorbh fhada** gur tháinig na fir dóiteáin **ar an láthair**. Faoin am seo, bhí an t-uisce beagnach suas go dtí **leac na fuinneoige**. Chuidigh na fir dóiteáin leis an seanfhear teacht amach tríd an fhuinneog.

6. Thug siad an seanfhear go dtí an t-ospidéal. **Ghabh sé buíochas linn** as cuidiú leis. Dúirt mé go raibh mé sásta bheith mar chuidiú agus dúirt mo dhaidí leis go mbeadh sé ar ais sa bhaile **roimh i bhfad**.